An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

Club Leabhar

Moltaí maidir le cur chuige sa seomra ranga agus sa scoil

Club Leabhar

An múinteoir ag léamh os ard/ Mar thaifead

Is féidir na chéad chaibidilí a léamh os ard leis an rang. Is féidir iarraidh ar na daltaí/ scoláirí an scéal a léamh leat agus tú ag léamh nó mar thasc éisteachta agus bheith ag éisteacht gan téacs os a gcomhair.

Daltaí/ Scoláirí ó ranganna Eile ar cuairt

D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí agus ar scolárí eile ó ranganna eile teacht i láthair agus plé a dhéanamh ar na leabhair a thaitníonn leo agus na húdair is fearr leo a léamh agus na cúiseanna chuige sin. *Tá féidearthachtaí anseo chomh maith le hobair leis an leabharlann áitiúil agus le daoine eile sa phobal chomh maith le teacht isteach agus le plé a dhéanamh ar scéalta, ar leabhair agus ar údair.

Léitheoireacht i gcomhpháirt

D'fhéadfaí daltaí/ scoláirí a chur ag léamh i gcomhpháirt le daltaí/ scoláirí níos sine agus níos óige, le héisteacht le daoine eile ag léamh an scéal os ard, nó go ciúin,le ceist a chur agus le plé a dhéanamh ar théamaí, ar charachtair, ar fhoclóir agus eile.

Cuairt ar an leabharlann áitiúil

Más rud é go bhfuil sé d'ádh agaibh agus ag an scoil bheith gar don leabharlann áitiúil d'fhéadfaí cuairt a eagrú chuig an leabharlann. Bealach le foghlaim faoi na seánraí éagsúla atá ann, le breathnú ar an mbealach le leabhair a rangú agus a chur i gcatagóir. Chomh maith leis sin is deis é do do dhaltaí agus do scoláirí ballraíocht a ghlacadh agus foghlaim faoi na seirbhísí éagsúla a chuirtear ar fáil sa phobal.

Nasc leis an mbaile

D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí/ ar scoláirí plé a dhéanamh ar an gClub Leabhar sa bhaile, le tuismitheoirí/ caomhnóirí, le deartháireacha, le deirfiúracha agus cur síos a thabhairt ar na cineálacha scéalta agus seánraí a thaitníonn leo agus nach dtaitníonn leo agus plé a dhéanamh ar na rudaí éagsúla a d'fhoghlaim siad.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

Club Leabhar

Leag uait agus Léigh/ Drop Everything and Read

Leag uait pé obair atá idir láimhe agat agus léigh an scéal atá agat. D'fhéadfaí é a dhéanamh gach aon lá (bunscoil) nó ó am go chéile (Iar-bhunscoil).

Club Leabhar ag am lóin/ Lasmuigh den cheacht 'Gaeilge'

Is féidir póstaeir a chur in airde agus dáta/ am agus áit a eagrú. Is féidir an Club Leabhar a reachtáil ag am lóin nó tar éis na scoile. Moltar go mbeadh múinteoir amháin i bhfeighil agus múinteoir eile mar thacaíocht, más gá. Tá ábhar tacaíochta ar fáil le caint agus plé a spreagadh agus le hiarraidh ar dhaltaí agus scoláirí a dtuairimí agus smaointí a chur in iúl.

Cuairt ó scríbhneoir

Mar chuid den Chlub Leabhar iarrtar ar scríbhneoirí cuairteanna a thabhairt ar scoileanna le ceardlanna a reachtáil. Is faoin scoil agus faoin scríbhneoir atá sé rogha agus cinneadh a dhéanamh más ceardlann scríbhneoireachta/ léitheoireachta nó agallamh a bheidh ann. Is cur chuige maith é cuairt ó scríbhneoir, oibríonn sé le daltaí agus scoláirí a spreagadh chun léitheireachta agus chun scríbhneoireachta.

Taispeántas sa seomra Ranga/ sa scoil

D'fhéadfaí taispeántas a chur in airde timpeall an tseomra ranga agus na scoile faoin leabhar atá á léamh ag daltaí agus scoláirí. Pictiúir, foclóir, luaschartaí, póstaeir a dhearadh a bhaineann le téamaí, le plotaí agus le carachtair.

Cur i láthair sa Seomra Ranga/ sa Scoil

D'fhéadfaí cur i láthair a dhéanamh ar scéalta a thaitníonn agus nach dtaitníonn le daltaí agus scoláirí agus na cúiseanna chuige sin. D'fhéadfaí iarraidh ar dhalta nó ar dhaltaí cur i láthair a dhéanamh ar an scéal agus cúlra a thabhairt agus léirmheas a thabhairt ar an scéal.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

Club Leabhar

Cur chuige sa seomra ranga

Ag léamh leis an múinteoir le macalla

Ag léamh go córúil

Ag léamh go ciúin

Ag léamh os ard

Ag léamh i mbeirteanna/ sealanna ag léamh

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú